Coimisiún na Meán

Bainisteoir um Phleanáil agus Anailís Airgeadais

Grád Ardoifigigh Feidhmiúcháin
Seirbhís Chorparáideach
Pacáiste Faisnéise Iarratasóra



Deireadh Fómhair 2026

Teachtaireacht ónár gCathaoirleach

A Iarratasóir, a chara,

Go raibh maith agat as spéis a léiriú i ról an Bhainisteora um Phleanáil agus Anailís Airgeadais.

Agus tú ag obair i gCoimisiún na Meán, cabhróidh tú le tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chruthú, a oibríonn do dhaoine in Éirinn agus ar fud an AE.

Cabhróidh tú linn tírdhreach na meán a rialáil, tacú leis agus a fhorbairt. Cabhróidh tú le cearta bunúsacha gach duine a chosaint agus a chinntiú go leanfaimid de bheith ag maireachtáil i sochaí dhaonlathach oscailte.

Tá ár n-eagraíocht ag fás go tapa. D'fhás muid ó 40 duine go 300 inár gcéad trí bliana. Tagann ár ndaoine ó raon leathan cúlraí: earnálacha ar líne agus na meán, an tsochaí shibhialta, an tseirbhís phoiblí, an saol acadúil agus gairm an dlí. Táimid bródúil as na deiseanna a thugaimid d'fhás gairmiúil. Táimid tiomanta d'fhórsa saothair a bheith againn a léiríonn éagsúlacht na sochaí ar a bhfreastalaímid.

Tá lúcháir orainn a bheith ag earcú do Bhainisteoir um Phleanáil agus Anailís Airgeadais. Rannchuideoidh an ról sin lenár dtosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach chun a áirithiú go ndéanfaidh tírdhreach na meán an méid seo a leanas:

- seasamh le cearta, folláine agus forbairt leanaí
- tacú leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha
- bheith mar cheann a bhfuil muinín ag tomhaltóirí as ionas go gcosnófar iad ó dhúshaothrú agus ó chalaois
- cultúr na hÉireann agus cé muid féin mar shochaí a léiriú agus a mhúnlú
- luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe a chur chun cinn
- sláinte agus sábháilteacht an phobail a neartú

Má chreideann tú go bhfuil an deis seo ag teacht le do chuid scileanna agus má thugann sé deis fás go gairmiúil, bheimis ar bís cloisteáil uait agus spreagfaimis duit iarratas a dhéanamh.

Is mise le meas
Jeremy Godfrey, Cathaoirleach Feidhmiúcháin

Ár bhFís agus ár Misean


Is í an fhís atá againn ná tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chinntiú.

Déanaimid tírdhreach na meán a rialáil, tacú leis agus a fhorbairt atá mar bhonn agus mar thaca ag cearta bunúsacha agus a chothaíonn sochaí oscailte, dhaonlathach agus iolraíoch.

Ár Réimsí Torthaí Straitéiseacha



Ár Luachanna



Féach ar ár Ráiteas Straitéiseach

Coimisiún na Meán

Eolas Faoin Ról Seo

Cuspóir an Róil

Tá Bainisteoir um Phleanáil agus Anailís Airgeadais (ranníocóir aonair, gan aon bhainistíocht daoine) á lorg againn chun tacú le próisis phleanála, bhuiséadaithe, réamhaisnéise agus tobhaigh na heagraíochta.

Cuirfidh an ról léargais straitéiseacha agus treoir airgeadais ar fáil chun straitéis agus cuspóirí airgeadais an Choimisiúin a chur chun cinn.

Feidhmeoidh an ról mar phríomh-chomhéadan le páirtithe leasmhara éagsúla, ag soláthar nuashonruithe réamhghníomhacha ar chaiteachas tréimhsiúil agus ar cheisteanna buiséadacha.

Ina theannta sin, tacóidh an ról le ríomh bliantúil tobhaigh agus próisis riaracháin leanúnacha na heagraíochta.

Maidir leis an bhFoireann/Rannán

Tuairisceoidh an Bainisteoir Pleanála agus Anailíse Airgeadais don Leas-Stiúrthóir Airgeadais.

Tagann an fhoireann Airgeadais agus Soláthair laistigh de Rannóg Seirbhísí Corparáideacha Choimisiún na Meán mar aon leis na réimsí seo a leanas: Rialachas, Forbairt Daoine agus Eagraíochtúil, Rúnaíocht an Choimisiúin, Athrú agus Feabhsú Gnó, agus Gnóthaí Idirnáisiúnta.

Is é misean Rannán na Seirbhísí Corparáideacha a chinntiú gur eagraíocht lúfar, dea-reáchtála é Coimisiún na Meán, le foireann spreagtha agus chumasach. Cinnteoidh an rannán go bhfeidhmeoidh Coimisiún na Meán ar ardchaighdeán rialachais chorparáidigh, go héifeachtach agus i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus ár reachtaíocht rialaithe.



Coimisiún na Meán

Príomhfhreagrachtaí

Pleanáil Airgeadais, Buiséadú agus Réamhaisnéis:
- Tacú leis an bpróiseas buiséadaithe bliantúil, ag obair go dlúth le príomhpháirtithe leasmhara chun buiséid mhionsonraithe a fhorbairt a thagann le cuspóirí straitéiseacha.
- Tacú leis an bpróiseas réamhaisnéise rollach chun nuashonruithe cruinne agus tráthúla a chinntiú bunaithe ar dhálaí gnó reatha.
- Samhlacha airgeadais a fhorbairt agus a chothú chun tacú le próisis phleanála agus cinnteoireachta.

Anailís & Tuairisciú Airgeadais:
- Anailís a dhéanamh ar thorthaí airgeadais míosúla, éagsúlachtaí, agus léargas a sholáthar.
- Tuarascálacha airgeadais rialta a ullmhú agus a chur i láthair, lena n-áirítear anailís ar athraitheas agus achoimrí feidhmiúcháin.
- Rioscaí agus deiseanna airgeadais a shainaithint agus bearta a mholadh chun rioscaí a mhaolú.

Comhpháirtíocht Straitéiseach Gnó:
- Oibriú le comhghleacaithe gnó chun cásanna gnó a ullmhú do phríomhthionscnaimh agus do phríomhthionscadail.
- Treoir agus moltaí airgeadais a sholáthar chun feidhmíocht ghnó a thiomáint agus spriocanna a bhaint amach.

Ríomh agus oibríochtú tobhaigh:
- Oibriú le comhghleacaithe gnó chun samhlacha tobhaigh a fhorbairt.
- Próisis tobhaigh tacaíochta – ríomh tobhaigh, eisiúint sonrasc, bailiú agus réiteach.

Feabhsú Próisis
- Feabhas a chur ar phróisis, uirlisí agus córais FP&A go leanúnach chun éifeachtúlacht, cruinneas, agus léargas a fheabhsú.
- Dea-chleachtais a chur i bhfeidhm i bpleanáil airgeadais, anailís, agus tuairisciú chun tacú le riachtanais ghnó.
- Tionscnaimh um chlaochlú airgeadais a threorú nó páirt a ghlacadh iontu chun oibríochtaí airgeadais a bharrfheabhsú agus chun tacú le fás.

Tá an méid thuas beartaithe mar threoir ar raon ginearálta na ndualgas agus tá sé beartaithe nach mbeidh sé cinntitheach ná sriantach agus tá sé faoi réir athbhreithnithe.

Eolas Fút

Taithí, Scileanna, Eolas & Cáilíochtaí

Critéir Riachtanacha

- Cuntasóir Cáilithe nó Páirtcháilithe (e.g., ACA, CPA, ACCA, CIMA) ag a bhfuil taithí chuntasaíochta 3 bliana ar a laghad roimhe sin lena mbaineann Pleanáil agus Anailís Airgeadais, cuntasaíocht bhainistíochta, comhpháirtíocht ghnó airgeadais nó ról airgeadais gaolmhar.

- Taithí léirithe ar bhuiséadú, réamhaisnéisiú, samhaltú airgeadais, pleanáil cásanna agus anailís feidhmíochta.

- Scileanna láidre Excel agus samhaltaithe airgeadais, agus taithí ar scarbhileoga, córais airgeadais agus uirlisí sonraí eile a úsáid chun tacú le pleanáil, réamhaisnéis agus tuairisciú.

- Scileanna láidre anailíseacha agus réitigh fadhbanna leis an gcumas sonraí casta airgeadais agus oibríochtúla a léirmhíniú agus léargais inghníomhaithe a dhéanamh de thorthaí.

- Sárscileanna cumarsáide agus bainistíochta páirtithe leasmhara, agus an cumas faisnéis chasta airgeadais a chur i láthair go soiléir agus go héifeachtach do lucht féachana/éisteachta airgeadais agus neamh-airgeadais araon.

- Ardleibhéil ionracais, discréide agus rúndachta agus iad ag déileáil le faisnéis airgeadais agus íogair;

- Meon feabhais réamhghníomhach agus leanúnach, le taithí ag sainaithint deiseanna chun próisis airgeadais, tuairisciú agus tacaíocht chinnteoireachta a fheabhsú.

Critéir Inmhianaithe

- Taithí i dtimpeallacht rialála nó earnála poiblí.

- Taithí ar Power BI nó uirlisí léirshamhlaithe sonraí eile a úsáid chun faisnéis airgeadais a anailísiú agus a chur i láthair.

- Taithí ag baint úsáide as Tuarascálacha Scaird do Ghnó Lárnach.

Príomhfhaisnéis

Sochair, Pacáiste & Pá

- Cuirtear an post seo ar fáil ar bhonn Buan.
- Lánaimseartha, 35 uair in aghaidh na seachtaine
- Saoire Bhliantúil: 29 lá in aghaidh na bliana
- Ról hibrideach a bheidh sa ról ina mbeidh meascán d'obair sa bhaile agus san oifig. Is é ár mbeartas hibrideach reatha 2 lá san oifig.
- Tá ár n-oifig lonnaithe ag a hAon Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20.
- Féach ár suíomh gréasáin anseo le haghaidh liosta iomlán sochar.
- Tá an post seo grádaithe ar scála an Ardoifigigh Feidhmiúcháin..
  Ceapfar na hiarrthóirí a n-éireoidh leo ar an gcéad phointe den scála. Féadfar seirbhísigh phoiblí/shibhialta atá ann cheana a cheapadh níos airde ar an scála ag brath ar an ról agus ar an ngrád atá acu faoi láthair, agus i gcomhréir leis an gciorclán.

Riachtanais Saoránachta

Ní mór d'Iarrthóirí Incháilithe a bheith:
(a) Saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Tá an LEE comhdhéanta de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua;nó
(b) Saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
(c) Saoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an tAontas agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
(d) Saoránach neamh-LEE a bhfuil stampa 4 cead* nó cead stampa 5 acu.
(e) Cead bailí Cosanta Sealadaí a bheith acu, arna dheonú ag Rialtas na hÉireann faoi Threoir an AE maidir le Cosaint Shealadach, a thugann teideal dóibh oibriú in Éirinn gan cead fostaíochta

*Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil víosa 50 TEU, atá in ionad Stamp 4EUFAM tar éis Breatimeacht, inghlactha mar choibhéis Stampa 4
Chun cáiliú ní mór d'iarrthóirí ceann de na critéir saoránachta thuas a chomhlíonadh tráth an iarratais.

Próiseas Iarratais

Má tá suim agat iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, cuir na nithe seo a leanas isteach:

- CV (uas 2 leathanach) agus litir chlúdaigh/ráiteas pearsanta (uas 1 leathanach) ina leagtar amach cén fáth a gcreideann tú go gcomhlíonann do scileanna, taithí agus luachanna riachtanais an phoist trí an thairseach gairme.
- Éilítear le gach post go mbeadh cónaí ar iarrthóirí i bPoblacht na hÉireann nó i dTuaisceart Éireann.
- Déanfar iarrthóirí a théann i mbun canbhasála a dhícháiliú agus a eisiamh ón bpróiseas

Ní bhreithneofar iarratais dhéanacha nó iarratais nach bhfuarthas tríd an gcainéal ceart, mar a chuirtear in iúl thuas.

Le haghaidh ceisteanna a bhaineann leis an bpróiseas iarratais nó roghnúcháin a bhaineann leis an ról seo, déan teagmháil le cnam@cpl.ie

Inniúlachtaí

Féach liosta na n-inniúlachtaí thíos a mheasúnófar ag céim an agallaimh don chomórtas seo. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na hinniúlachtaí, téigh chuig ár gceisteanna coitianta.

- Ceannaireacht Foirne
- Breithiúnas, Anailís agus Cinnteoireacht
- Bainistíocht agus Baint Amach Torthaí
- Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide
- Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt
- Treallús & Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí

Fógra Príobháideachais

Próiseálann Coimisiún na Meán (An Coimisiún, CnaM, sinne, ár) na sonraí pearsanta a eascraíonn as a fheachtas earcaíochta. Is é CnaM an Rialaitheoir Sonraí, agus is é CPL an Próiseálaí Sonraí a cheapann CnaM chun an próiseas earcaíochta a stiúradh. Is iad sonraí teagmhála an Rialaitheora Sonraí - Oifigeach Cosanta Sonraí, Coimisiún na Meán 1 Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20, Éire.

Ríomhphost: dpo@cnam.ie **Uimhir Teileafóin**: 01 963 7755

Déanfaidh CnaM na sonraí pearsanta a bhailítear le linn an phróisis earcaíochta a phróiseáil chun críche athbhreithniú, breithniú agus roghnú na n-iarratas agus chun teagmháil a dhéanamh le hiarratasóirí. Féadfaidh ionadaithe CnaM a bheith ar fhaighteoirí tríú páirtí. Ní aistríonn CnaM sonraí pearsanta lasmuigh den AE ná den LEE.

D'fhéadfadh go n-áireofaí ar bhonn dlíthiúil CNAM chun na sonraí seo a bhailiú agus a phróiseáil:

- Conradh - i gcás inar gá an phróiseáil chun conradh a chomhlíonadh, nó chun bearta a dhéanamh ar iarratas ón ábhar sonraí sula ndéantar conradh

agus/nó

- Toiliú - sa chás go bhfuil toiliú sainráite tugtha agat don phróiseáil (m.sh. socruithe réasúnta)

Stórálfar na sonraí pearsanta a phróiseáiltear go slán. Stórálfar na sonraí seo ar feadh 12 mhí ar a mhéad i gcás nach n-éireoidh le hiarratas.

Tá sé de cheart ag iarratasóirí rochtain a fháil ar a gcuid sonraí agus aon mhíchruinneas ina gcuid sonraí a cheartú. Chun é seo a dhéanamh, scríobh chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí ag an seoladh atá liostaithe thuas. Tá sé de cheart ag iarratasóirí, i gcás inarb iomchuí, a gcuid sonraí a scriosadh agus/nó srian a chur ar phróiseáil a gcuid sonraí. Ina theannta sin, tá sé de cheart ag ábhair sonraí gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Tá ár Ráiteas Cosanta Sonraí iomlán ar fáil anseo: https://www.cnam.ie/ga/rialachas/cosaint-sonrai-priobhaideachas/raiteas-priobhaideachais

An Próiseas Roghnúcháin

Áireofar sa phróiseas roghnúcháin:

Iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil ina n-iarratas, arna measúnú in aghaidh na gcritéar sonraithe don ról. Iarrfar ar na hiarrthóirí a chuirfear ar an ngearrliosta measúnú excel a dhéanamh. Iarrthóirí a n-éireoidh leo sa mheasúnú, tabharfar cuireadh dóibh freastal ar agallamh ar bhonn inniúlachtaí a dhéanfar go pearsanta ag ár n-oifig i mBaile Átha Cliath.

Amlínte táscacha
Tá sé beartaithe go mbeidh agallaimh ar siúl i lár mhí na Nollag. Is dátaí táscacha iad na dátaí sin agus d'fhéadfadh athrú teacht orthu. Cuirfear na socruithe deimhnithe in iúl do na hiarrthóirí atá ar an ngearrliosta.

Socruithe Painéil
Is féidir painéal a chur le chéile ón gcomórtas seo.

Socruithe Réasúnta

Cuirfear socruithe réasúnta ar fáil, más gá, le linn an phróisis earcaíochta. Chun socruithe réasúnta faoi rún a phlé agus a iarraidh téigh i dteagmháil le Angeline McKiernan ag amckiernan@cnam.ie

Is fostóir comhdheiseanna é Coimisiún na Meán. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil cúlraí éagsúla acu agus táimid tiomanta d'fhórsa saothair cuimsitheach éagsúil a chur chun cinn a léiríonn Éire na linne seo. Oibrímid chun cultúr a chruthú ina bhfuil rochtain chomhionann ag gach duine ar dheiseanna agus ina mbraitheann siad compordach iad féin a chur i láthair go dílis ag an obair.

Dáta Deiridh: 3pm, 23/11/2026

